15. An féidir leis an mBord Pleanála EIS a iarraidh?

Is féidir. I gcás go ndéantar achomharc leis an mBord, agus go mbíonn an Bord den tuairim go mbeadh tionchar suntasach ag an togra ar an timpeallacht, tá sé de cheangal ar an mBord a éileamh go n-ullmhóidh an forbróir EIS, i gcás nár iarr an t-údarás pleanála a leithéid. Cuirfear próiseáil an achomhairc ar athló go dtí go mbíonn an EIS agus faisnéis ar bith eile a iarradh curtha ar fáil. Beidh EIS ar fáil do scrúdú poiblí agus é ar díol in oifigí an Bhoird agus in oifigí an údaráis pleanála, chomh maith.

16. Cad is gnó don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)?

Tá mar fhreagracht ar an EPA astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí áirithe a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an timpeallacht a chosc agus a rialú, trí chóras a oibriú a bhaineann le rialú comhtháite ar thruailliú a cheadúnú (IPC). Is é is cuspóir don chóras IPC ná féachaint chuige go ndéantar gníomhaíochtaí a bhaineann le hábhar a oibriú faoi réir ag caighdeáin a chinntíonn an chosaint is fearr don timpeallacht. Tá an córas sin bunaithe ar an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil le fáil gan róchostas (BATNEEC) a chur i bhfeidhm, chun cosc a chur ar astaíochta ó ghníomhaíochtaí mar sin, nó deireadh a chur leo, agus, i gcás nach indéanta sin, chun iad a theorannú, a mhaolú nó a laghdú.

Éilíonn gníomhaíochtaí forbartha mar sin cead pleanála agus ceadúnas IPC. Leagtar síos sa Chéad Sceideal leis an Acht um an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 na tograí a bhíonn le ceadúnú ag an EPA. I gcásanna inar gá EIS a chur faoi bhráid údaráis áitiúil in éineacht le hiarratas pleanála, is gá an EIS a chur go dtí an EPA, chomh maith, mar chuid den iarratas ar cheadúnas IPC. Gheobhair eolas breise faoi cheadúnu IPS ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an nguthán (053) 60600 nó ar a suíomh idirlín, www.epa.ie.

Ceanglaíonn Alt 28(1)(L) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003 ar údarás pleanála fógra a chur go dtí an EPA, maidir le gach iarratas pleanála a chuimsíonn nó lena ngabhann gníomhaíocht ar gá ceadunas IPC ina leith. Is gá cóip den iarratas pleanála agus EIS ar bith a chur go dtí an EPA leis an bhfógra sin. Tugtar 5 seachtain don EPA ó lá faighte an iarratais chun aighneacht nó tuairimíocht a chur ar fáil i leith an iarratais.

Tá soláthar in Alt 98(1) den Acht um an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (arna leasú ag alt 256 den Acht Pleanála, 2000), nach féidir le húdarás pleanála a ghlacann cinneadh cead a dheonú um fhorbairt a chuimsíonn nó lena ngabhann gníomhaíocht ar gá ceadunas IPC ina leith coinníollacha a ghearradh arb é is aidhm dóibh, inter alia, astaíochtaí as oibriú na gníomhaíochta a rialú, ina n-áirítear cosc nó deireadh a chur leo, nó iad a theorannú, a mhaolú nó a laghdú. Faoi Alt 98(1)(A) den Acht um an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (mar a cuireadh isteach ag alt 256 den Acht Pleanála, 2000), áfach, tá cead ag údarás pleanála cead pleanála a dhiúltú i gcás forbairtí a mheasann siad a bheith doghlactha i ngeall ar chúiseanna timpeallachta.

Tá an reachtaíocht a rialaíonn an córas pleanála leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002 agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003. Is féidir iad sin a cheannach ón Oifig Díolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Guthán (01) 647 6995/4

Is iad na bileoga atá sa sraith seo ná:

Treoir do Chead Pleanála	PL.1
Iarratas Pleanála a dhéanamh	PL.2
Tuairimíocht ar Iarratas Pleanála a chur in iúl	PL.3
Teach a Thógáil – na Ceisteanna Pleanála	PL.4
Obair a dhéanamh thart faoin Teach - na Ceisteanna Pleanála	PL.5
Talmhaíocht agus Forbairt Feirme - na Ceisteanna Pleanála	PL.6
Pleanáil do Lucht Gnó	PL.7
An Plean Forbartha	PL.8
Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta	PL.9
Achomharc Pleanála a Dhéanamh	PL.10
Treoir do na Rialacháin Fhoirgníochta	PL.11
Treoir don Oidhreacht Ailtireachta	PL.12

This leaflet is also available in English.

PL 9 - Measúnacht Tionchar Timpeallachta

PL. 9
Deireadh Fómhair, 2003.

Arna chlóbhualadh ar pháipéar arna athchúrsáil as 100% fuíoll iarthomhaltais

AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL
DEPARTMENT OF THE ENVIRONMENT, HERITAGE AND LOCAL GOVERNMENT

Treoir shimplí í an bhileog seo ar Mheasúnacht Tionchar Timpeallachta (EIA) sa chóras pleanála.

Cuirtear an bhileog seo ar fáil mar threoir phraiticiúil d'oibriú na nósanna imeachta a thagann i bhfeidhm i gcás go mbíonn Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS) ag teastáil mar chuid d'iarratas pleanála. Níl léirmhíniú anseo ar dhlí na pleanála. Is féidir leat breis eolais a fháil ón údarás pleanála áitiúil a bhaineann leatsa.

1. Cad is Measúnú Tionchar Timpeallachta (EIA) ann?

Nós imeachta is ea Measúnacht Tionchar Timpeallachta (EIA) chun:

- scrúdú córasach a dhéanamh ar an tionchar suntasach is dócha a bheadh ag an bhforbairt atá á tairiscint ar an timpeallach;
- féachaint chuige go dtabharfar aird a dhóthain ar an tionchar suntasach sin;
- drochthionchar a sheachaint, a laghdú nó a chúiteamh.

Is é tús an phróisis Ráiteas Measúnacht Timpeallachta (EIS) a ullmhú ag an bhforbróir. Spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i measúnú an EIS. Cuirtear an nós imeachta i gcrích mar chuid de phróiseáil an iarratais a bhaineann le hábhar ag an údarás áitiúil, nó ag an mBord Pleanála, i gcás achomhairc. Is é is aidhm do nós imeachta an EIA, féachaint chuig go nglacfar le bearta chun tairiscint a leasú chomh luath agus is féidir.

2. Cén saghas forbartha a mbíonn gá le EIA ina leith?

Go ginearálta, is forbairtí móra a éilíonn EIA, forbairtí a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta, leis an tionscal bia, le tionscal na gceimicí, le bonneagar agus le forbairtí uirbeach. I gcásanna áirithe, bíonn Measúnacht Tionchar Timpeallachta sainordaithe faoin dlí, cuma cé chomh beag is a bheadh an togra. Den chuid is mó, áfach, bíonn tairseach leagtha síos i slí is nach mór EIA a fháil i gcás go sáraítear an tairseach sin. Fiú amháin i gcás nach mbíonn sárú tairsí i gceist, is gá go n-éileodh an t-údarás pleanála (nó an Bord Pleanála i gcás achomhairc) go n-ullmhófar EIS i gcás go mbíonn an t-údarás den tuairim go mbeadh tionchar suntasach ag an togra ar an timpeallacht. Tugtar liosta iomlán de na tograí agus de theorainneacha na dtairseach i Sceideal 5 de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003.

3. Conas a oibríonn EIA?

Ullmhaíonn an forbróir Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS), a chuirtear faoi bhráid an údaráis pleanála in éineacht leis an iarratas pleanála i gcomhair a mheasúnaithe. (Ní féidir cead imlíne a lorg i gcásanna lena mbaineann EIA, i ngeall ar na mionsonraí a bhíonn riachtanach i gcomhair EIS.) Is gá an EIS a lua sna fógraí nuachtáin agus suímh a bhaineann leis an iarratas pleanála. Is féidir an EIS a scrúdú agus a cheannach in oifigí an údaráis pleanála. Is féidir le ball ar bith den phobal agus le heagraíocht ar bith tuairimíocht a chur in iúl i leith an togra agus i leith an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar an timpeallacht, ach an táille a leagtar síos a íoc. Tá ceangal ar an údarás aird a thabhairt ar na tuairimí sin. Is féidir acomharc a dhéanamh ar an ngnáthdhóigh leis an mBord Pleanála faoi chinneadh an údaráis pleanála. Féach bileog PL.10.

4. Cad is EIS ann?

Ba cheart go gcuimseodh Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS) anailís den tionchar, idir olc agus mhaith, is dóichí a bheadh ag togra ar an timpeallacht. Leagtar síos ann na bearta atá le glacadh chun drochanáil ar an timpeallacht a sheachaint nó a mhaolú, agus ba cheart cur síos a bheith ann, chomh maith, ar chinneadh ar bith a bheadh glactha ag an bhforbróir chuige sin cheana féin.

5. Cad a chuimsíonn EIS?

Is gá go gcuimseodh EIS:

- cuntas ar an bhforbairt atá á tairiscint;
- gearrchuntas ar na bearta (próisis nó suímh, mar shampla) a scrúdaigh an forbróir mar mhalairt;
- na sonraí uile is gá chun méar a dhíriú ar an bpríomhthionchar is dócha a bheadh ar an timpeallacht ag an togra; agus
- cuntas ar a thionchar ag tagairt do chúrsaí éagsúla, mar atá, daoine, flóra, fauna, ithir, uisce, aer, tírdhreach, oidhreacht chultúrtha, srl.

I gcás go n-aithnítear drochthionchar suntasach, ní mó go gcuimseoidh an ráiteas ina theannta sin:

- cur síos ar na bearta atá á mbeartú chun an drochthionchar sin a sheachaint, a mhaolú nó a chúiteamh.

Is gá go mbeadh achoimre neamhtheicniúil in EIS, chun go dtuigfidh an gnáthdhuine nach eolaí é.

6. An mbeidh gá agam le cabhair chun EIS a ullmhú?

Is féidir le hEISeanna a bheith ina gcáipéisí casta teicniúla. Tá sé ionann agus cinnte go mbeidh ort saineolaithe i réimsí éagsúla a fhostú agus EIS á ullmhú agat. Moltar go láidir duit dul i dteagmháil leis an údarás pleanála chun comhairliúcháin réamhiarratais a fháil, i gcás go mbeidh ullmhú EIS ina chuid den tairiscint agatsa. Cabhróidh siad sin leat raon an EIS a rianadh, is é sin le rá, méar a dhíriú ar na gnéithe is gá a chlúdach, ar an leibhéal mionsonraí atá riachtanach, agus ar na gníomhaireachtaí ar cheart duit dul i gcomhairle leo, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar shampla. Ach raon an EIS a rianadh go cúramach, cinnteoidh sé sin go dtabharfar aghaidh san EIS agatsa ar na ceisteanna tábhachtacha ar fad, agus cabhróidh sé leat iarratais ar eolas breise a sheachaint, a d'fhéadfadh moill a chur ar chinneadh i leith an iarratas pleanála agatsa.

Tá Treoirlínte foilsithe ag an EPA, maidir leis an bhfaisnéis is gá a bheith i Ráitis Tionchar Timpeallachta. Is gá aird a thabhairt ar Threoirlínte EPA le linn EIS á ullmhú. Tá eolas breise i dtaobh na dTreoirlínte le fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar an nguthán (053) 60600 nó ar a suíomh idirlín www.epa.ie.

7. An fada a ghlacann an próiseas EIA?

Tá sé de cheangal ar údarás pleanála cinneadh a dhéanamh faoi iarratas lena ngabhann EIS taobh istigh de 8 seachtain ó lá a fhaighte, nó, i gcás go n-iarrtar ar an iarratasóir a thuilleadh faisnéise a sholáthar, taobh istigh de 8 seachtaine ó lá faighte na faisnéise sin.

8. Conas a bheidh a fhios agam gur cuireadh EIS isteach

I gcás go mbíonn EIS mar thionlacan ag iarratas pleanála, is gá tagairt don EIS a bheith sa phreasfhógra agus san fhógra suímh. Féach eolas breise, maidir le riachtanais um fhógraí nuachtáin agus suímh i mbileog PL. 2. Ní mór iarratas lena mbaineann EIS a shonrú mar sin ar an liosta seachtainiúil iarratas pleanála a fhoilsíonn an t-údarás pleanála. Cuirtear na liostaí sin ar fáil do chumainn áitreabhóirí, do ghrúpaí spéise, agus do dhaoine eile, ach iad a iarraidh.

9. Cén áit is féidir liom EIS a fheiscint?

Bíonn EIS ar fáil do scrúdú poiblí, saor in aisce, le linn uaireanta oifige in oifigí an údaráis pleanála, ó dháta a fhaighte. I gcás go ndéantar achomharc leis an mBord Pleanála faoi chinneadh an údaráis pleanála, bíonn fáil ar an EIS in oifigí an Bhoird, leis.

10. An féidir liom cóip a fháil de EIS?

Is féidir. Is féidir cóip de EIS nó sleachta as a cheannach ar chostas réasúnta ón údarás pleanála, nó ón mBord Pleanála.

11. An féidir liom mo chuid tuairimíochta i leith EIS a chur in iúl?

Is féidir. Díreach mar a bhaineann le hiarratas pleanála ar bith, is féidir le duine ar bith nó le heagraíocht ar bith tuairimíocht a chur i scríbhinn, maidir le hiarratas lena mbaineann EIS. Bíonn sé de cheangal ar an údarás i gcónai aird a thabhairt ar gach aighneacht agus ar gach tuairim agus cinneadh á dhéanamh i leith an iarratais. Is gá tuairimí a chur in iúl, in éineacht le táille iomchuí, taobh istigh de thréimhse 5 seachtain ó lá faighte an iarratais ag an údarás pleanála.

12. Conas is féidir liom mo chuid tuairimíochta a chur in iúl?

Ba cheart duit gach tuairim i leith EIS a chur i scríbhinn go dtí an údarás pleanála ag plé leis an iarratas pleanála.

13. An gcuirfear an cinneadh in iúl dom?

Cuirfear. Ceanglaítear ar an údarás gach duine a chuir tuairimí scríofa faoina bhráid a chur ar an eolas, maidir lena chinneadh faoi iarratas pleanála, laistigh de 3 lá ó lá a dhéanta, agus iarratais lena mbaineann EIS san áireamh.

14. An féidir liom achomharc a dhéanamh faoi chinneadh pleanála?

Is féidir. Is féidir le duine ar bith a chuir aighneacht bhailí isteach faoi iarratas pleanála (ceann lena mbaineann EIS san áireamh) achomharc a chur isteach, ach an táille riachtanach a íoc leis an mBord Pleanála. Is féidir tuairimíocht a chur in iúl ar achomharc duine eile, chomh maith. Ceanglaítear ar an mBord fógra nuachtáin a fhoilsiú ar achomharc ar bith a mbaineann EIS leis. Tá mionsonraí, maidir leis an bpróiseas achomhairc, le táillí, le teorainneacha ama, srl., le fáil i mbileog PL.10 – Achomharc a Dhéanamh.